




# >> IDIRGHABHÁIL PIARCH

Moltar gur dócha go mbraithteann mic léinn ar a bpiataí dá mbeadh cuidiú is tacaíocht de dhíth orthu ó thaobh fadhbanna pearsanta de' (Collins et. al. 2002) agus mar gheall air sin gur cuireadh tús le scéimeanna meantóireachta lucht comhchéime. Tá siad ar fáil i bhfoirmeacha éagsúla, mar shampla:

**Dalta mar idirghabhálaí**
Sa scéim seo éiríonn dalta atá níos sine mór le chéile leis an íospartach nó leis an mhaistín le tacaíocht a thabhairt dóibh teacht ar réiteach. Thig le maor scoile a bheith ina idirghabhálaí idir an íospartach agus an ball foirne atá freagrach as stop a chur le maistíneacht.

Is minic a bhíonn an cleas seo in úsáid le theacht ar chomhréiteach nuair a thiteann cairde amach lena chéile ach níl sé chomh éifeachtach sin i ndroch-chás maistíneachta cionn is go gcuireann sé isteach go dona ar an íospartach agus é(í) ag labhairt ar bhéal leis an mhaistín.

**Comhairleoirí comhchéime**
Is é an rud is tábhachtaí go bhfuil múinteoirí lánpháirteach sna scéimeanna seo leis na daltaí níos sine a oiliúint faoi thoradh na maistíneachta agus faoin dóigh cheart le cúram a thabhairt do dhaltaí a ndearna maistíneacht orthu. Is féidir 'aingeal cosanta' a thabhairt ar an daltaí úd atá páirteach sa scéim seo agus go dtugtar suaitheantas nó ribín dóibh leis na daltaí eile a chur ar an eolas go gcuideoidh siad leo.

I scoileanna éigin, roghnaítear seomra ar leith le haghaidh obair bhaile, cluichí boird agus comhrá. Is féidir le daltaí atá trína chéile agus nach maith leo dul i dteagmháil le 'haingeal' úsáid a bhaint as an seomra seo. Más mian leo thig leo a gcuid údar imní a scríobh síos agus a chur isteach sa rannóg 'feabhas a dhéanamh' den bhosca molta nó ríomhphoist nó teachtaireacht a chur chuig an chomhairleoir comhchéime ar leith.

**An Cur chuige 'Obair Ghrúpa'**
De réir an chleachtais is fearr atá ar fáil i nDúnghaois Thréadchúraim na Scoile (DE 2001) moltar dúinn An Cur chuige 'Obair Ghrúpa', cur chuige nach gcuireann an milleán ar dhuine ar bith agus ina áit sin molann sé gur chóir caint leis an íospartach, leis an mhaistín atá faoi amhras agus leis na finnéithe. Sa chur chuige seo, cuirtear agallamh ar an íospartach agus iarrtar air (uirthi) pictiúr nó dán a dhéanamh faoi thoradh na maistíneachta. Cuirtear cruinniú ar bun idir múinteoir agus dream mac léinn (maistín ina measc) chomh maith le lucht féachana na himeachta agus le daoine nach iad. Cuireann an múinteoir an grúpa ar an eolas faoi mhothúcháin an íospartaigh agus ansin baineann an grúpa iarracht teacht ar réiteach. Sa chás seo ní chuirtear an milleán ar an mhaistín as an drochrud a rinne sé (sí) agus mar gheall air sin ní bhraitheann sé(sí) faoi bhagairt agus ina áit sin tá sé(sí) páirteach le theacht ar réiteach. Spreagtar na daltaí le theacht ar thuairimí praiticiúla lena réiteach féin a chur i gcrích.

Tagann an grúpa le chéile arís i gcionn seachtaine leis an dul chun cinn a phlé agus le toradh na hoibre a cheiliúradh.




# >> IDIRGHABHÁIL PIARCH

**Scéimeanna idirghabhála comhchéime a mheas**

Tá a lán buntáistí bainteach le Scéimeanna Meantóireachta Comhchéime (ina bhfuil an dalta ina idirghabhálaí nó ina chomhairleoir comhchéime). Mar shampla,

- baineann na daltaí tairbhe as scileanna na bainistíochta aighnis a fhorbairt. Thiocfadh leo na scileanna seo a úsáid le cur in iúl don mhaistín cad chuige nach bhfuil a ndrochiompar inghlactha agus gur chóir dóibh a bheith freagrach as a gcuid gníomhartha agus a n-iompraíocht a fheabhsú dá bharr sin;
- Baineann múinteoirí tairbhe as an scéim cionn is go gcuidíonn siad le daltaí le scileanna éisteachta, cumarsáide agus idirghabhála a fhorbairt;
- Baineann scoileanna tairbhe as an scéim as siocair go gcuirtear stop leis an mhaistíneacht sula n-éiríonn sé go holc agus mar gheall air sin tá maolú ar an líon daltaí a gcuirtear ruaig orthu.

Tugann Save the Children (2002) rabhadh dúinn, áfach, go bhfuil pleanáil agus bainistíocht ar leith de dhíth le scéim tacaíochta comhchéime a chur ar bun mar braitheann an cineál scéime seo ar riachtanais ar leith na scoile. Mar shampla, b'fhéidir go sceitheann an dalta rud éigin tábhachtach cosúil le neamart nó íde le comhairleoir comhchéime agus gan eolas a bheith aige (aici) gur chóir dó (di) an múinteoir a chur ar an eolas. De réir sin, ní mór oiliúint iomchuí a chur ar fáil do dhaltaí níos sine maidir leis an tábhacht gan rún a ligean le duine agus maidir leis na fadhbanna ar chóir dó (di) dul i dteagmháil leis an mhúinteoir fúthu nó cad é ba chóir a rá leis an dalta atá faoi mhaistíneacht.

Ta buntáistí agus míbhuntáistí bainteach leis 'An Chur Chuige Obair Ghrúpa'. Is cinnte go gcuireann an cur chuige seo na daltaí scoile ar an airdeall ó thaobh fhadhb na maistíneachta de agus mar gheall air sin cuireann sé tacaíocht nach beag ar fáil don íospartach. Is fearr i bhfad scéim mar seo ná an cur chuige in úsáid i roinnt de na scoileanna .i. rud práinneach a dhéanamh faoi mhaistíneacht gan smaoineamh nó anailís a dhéanamh. Baintear leas as dúnghaois 'neamhfhulaingthe' cé nach ndéantar anailís ar an fhadhb nó ar an dóigh cheart le hiompar maistíneachta a fheabhsú. Ar an taobh diúltach den scéal b'fhéidir nach mothaíonn daltaí nach ngearrtar an pionós ceart ar an mhaistín as a d(h)rochiompar agus nach n-athróidh sé dá bharr sin.

Ní mór do scoileanna i ndlúthpháirtíocht le daltaí teacht ar an straitéis cheart idirghabhála comhchéime le riachtanais na ndaltaí a bhfuil ról onnghníomhach acu in idirghabhálaíocht agus in imeachtaí maistíneachta a réiteach, a chomhlíonadh.

**Eolas Breise**

>> Le theacht ar eolas breise ar an dóigh is ceart scéim thacaíocht na gcomhchéimeanna a chur ar bun ina bhfuil an oiliúint is an chosaint iomchuí iontu tabhair cuairt ar an seirbhís Childline CHIPS ww.childline.org.uk agus ar an ghréasán ABA www.antibullyingalliance.org

>> Tá níos mó mioneolais ar idirghabháil agus ar scéim chairde ar fáil ó Save the Children (2002) 'Fócas ar Mhaistíneacht'. Molann Save the Children 'Treoir ar Ábhar Oideachas Pearsanta Sóisialta ag Eochairchlár III is IV' (CCEA 2000) ina bhfuil rannóg úsáideach ar mheantóirí scoile (lch 20-22).

>> Ina áit sin, b'fhéidir gur chóir do na scoileanna Físchomhdháil Scoile a úsáid le daltaí a chur ar an eolas faoi mhaistíneacht agus ar an dóigh go gcuireann drochiompar  isteach ar dhaoine eile. Chomh maith leis sin spreagann sé iad a bheith freagrach as a gcuid gníomhartha féin – tuilleadh eolais ar fáil ó www.barnardos.org.uk